P9_TA(2022)0263

# Cur chun feidhme agus seachadadh na Spriocanna Forbartha Inbuanaithe

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Meitheamh 2022 ar chur chun feidhme agus seachadadh na Spriocanna Forbartha Inbuanaithe (SDGanna) (2022/2002(INI))**

(2023/C 32/05)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don rún ó na Náisiúin Aontaithe dar teideal "I mbun athraithe – Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe", a glacadh ag Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe an 25 Meán Fómhair 2015 i Nua-Eabhrac (Clár Oibre 2030),

— ag féachaint do dhoiciméad inmheánach oibre ón gCoimisiún an 18 Samhain 2020 dar teideal *Delivering on the United's Sustainable Development Goals – A comprehensive approach* [Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach – Cur chuige cuimsitheach] (SWD(2020)0400),

— ag féachaint d'fhoilseachán Roinn Gnóthaí Eacnamaíocha agus Sóisialta na Náisiún Aontaithe in 2022 dar teideal *SDG Good Practices – A compilation of success stories and lessons in SDG implementation – Second Edition* [Dea-chleachtais maidir le SDGanna – Bailiúchán scéalta ratha agus ceachtanna i gcur chun feidhme SDGanna – an Dara hEagrán],

— ag féachaint do Thuarascáil Forbartha Domhanda Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe ó 2019,

— ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 17 Feabhra 2021 maidir le rannchuidiú AE le hiltaobhachas riailbhunaithe a neartú (JOIN(2021)0003),

— ag féachaint don ráiteas comhpháirteach ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, na Parlaiminte agus an Choimisiúin an 30 Meitheamh 2017 maidir leis an gComhdhearcadh Eorpach Nua maidir le Forbairt – "Ár ndomhan, ár ndínit, ár dtodhchaí" ([1]),

— ag féachaint do dhoiciméad inmheánach oibre ón gCoimisiún an 28 Eanáir 2019 dar teideal *2019 EU report on Policy Coherence for Development* [Tuarascáil 2019 AE maidir le Comhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt] (SWD(2019)0020),

— ag féachaint do Chreat-Choinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) agus ar an mBithéagsúlacht,

— ag féachaint don Chomhaontú a glacadh ag an 21ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP21) i bPáras an 12 Nollaig 2015 (Comhaontú Pháras),

— ag féachaint d'aighneacht na Laitvia agus an Choimisiúin, thar ceann AE agus a chuid Ballstát, chuig UNFCCC an 6 Márta 2015, rannchuidiú atá beartaithe ag an AE agus a chuid Ballstát arna chinneadh go náisiúnta a chur faoi bhráid UNFCCC,

— ag féachaint d'aighneacht na Gearmáine agus an Choimisiúin, thar ceann AE agus a Bhallstát, an 17 Nollaig 2020 chuig UNFCCC maidir le nuashonrú rannchuidiú AE agus a Bhallstát arna chinneadh go náisiúnta,

— ag féachaint don Tríú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú Forbraíochta a tionóladh in Addis Ababa an 13 go dtí an 16 Iúil 2015,

— ag féachaint don ráiteas comhpháirteach ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, na Parlaiminte agus an Choimisiúin an 30 Meitheamh 2017 maidir leis an gComhdhearcadh Eorpach Nua maidir le Forbairt – "Ár ndomhan, ár ndínit, ár dtodhchaí" ([2]),

— ag féachaint do chláir oibre an Choimisiúin ó 2020 (COM(2020)0037), 2021 (COM(2020)0690) agus 2022 (COM(2021)0645), agus do na tagairtí a dhéantar iontu do SDGanna,

([1]) IO C 210, 30.6.2017, lch. 1.
([2]) IO C 210, 30.6.2017, lch. 1.

**Déardaoin 23. Meitheamh 2022**

— ag féachaint do chomhtháthú SDGanna sa chreat um Rialáil Níos Fearr, lena n-áirítear an teachtaireacht ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2021 dar teideal *Better regulation: Joining forces to make better laws* [Rialáil níos fearr: Oibriú as lámha a chéile chun dlíthe níos fearr a dhéanamh] (COM(2021)0219), doiciméad inmheánach oibre an Choimisiúin an 3 Samhain 2021 dar teideal *Better Regulation Guidelines* [Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr] (SWD(2021)0305), agus bosca uirlisí mhí na Samhna 2021 de, lena n-áirítear uirlis nua Uimh. 19 maidir le SDGanna,

— ag féachaint do Thuarascáil Speisialta Chlár Forbartha na Náisiún Aontaithe ó 2022 dar teideal *New threats to human security in the Anthropocene Demanding greater solidarity* [Bagairtí nua ar shlándáil an duine san Antrapaicéineach ag éileamh níos mó dlúthpháirtíochta],

— ag féachaint do Thuarascáil Speisialta 2019 ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) maidir leis an Aigéan agus an Crióisféar in Aeráid atá ag Athrú,

— ag féachaint don séú tuarascáil mheasúnachta ó IPCC an 28 Feabhra 2022 dar teideal *Climate Change 2022: Impacts, Adaptation and Vulnerability* [Athrú Aeráide 2022: Tionchair, Oiriúnú agus Leochaileacht],

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle ([3]),

— ag féachaint do Chreat Sendai 2015-2030 um Laghdú Rioscaí Tubaistí, a ghlac Ballstáit na Náisiún Aontaithe ag an Tríú Comhdháil Dhomhanda de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le Laghdú Rioscaí Tubaistí an 18 Márta 2015,

— ag féachaint do rún uaithi an 24 Márta 2022 maidir leis an ngá atá le plean gníomhaíochta práinneach AE chun slándáil an tsoláthair bia a áirithiú laistigh den Aontas agus lasmuigh de i bhfianaise ionradh na Rúise ar an Úcráin ([4]),

— ag féachaint do thuarascáil Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe dar teideal *Our Common Agenda* [Ár gComhchlár Oibre], a cuireadh faoi bhráid Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, agus ar tugadh sainordú ina leith le Rún 76/6 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 15 Samhain 2021,

— ag féachaint do rún uaithi an 21 Eanáir 2021 maidir le gné na hinscne i ngéarchéim COVID-19 agus sa tréimhse iar-ghéarchéime ([5]),

— ag féachaint don rún uaithi an 14 Márta 2019 ar an tuarascáil bhliantúil straitéiseach maidir le cur chun feidhme agus seachadadh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) ([6]),

— ag féachaint do rún uaithi an 25 Samhain 2014 maidir le AE agus an creat forbartha domhanda ó 2015 i leith ([7]),

— ag féachaint do na Conclúidí ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 dar teideal *Building a sustainable Europe by 2030 – Progress thus far and next steps* [Eoraip inbhuanaithe a thógáil faoi 2030 – An dul chun cinn go dtí seo agus na chéad chéimeanna eile],

— ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2018,

— ag féachaint do na Conclúidí ón gComhairle an 20 Meitheamh 2017 dar teideal A *sustainable European future: The EU response to the 2030 Agenda for Sustainable Development* [Todhchaí inbhuanaithe don Eoraip: Freagairt AE do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe],

— ag féachaint dá rún an 6 Iúil 2017 maidir le gníomhaíocht AE i leith na hinbhuanaitheachta ([8]),

---

([3]) IO L 209, 14.6.2021, lch. 1.
([4]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0099.
([5]) IO C 456, 10.11.2021, lch. 191.
([6]) IO C 23, 21.1.2021, lch. 130.
([7]) IO C 289, 9.8.2016, lch. 5.
([8]) IO C 334, 19.9.2018, lch. 151.

— ag féachaint do rún uaithi an 9 Meitheamh 2021 maidir le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030: An dúlra a thabhairt ar ais inár saol ([9]),

— ag féachaint do na Conclúidí ón gComhairle an 9 Aibreán 2019 dar teideal *Towards an ever more sustainable Union by 2030* [I dtreo Aontas níos inbhuanaithe faoi 2030],

— ag féachaint do rún uaithi an 12 Bealtaine 2016 maidir leis an obair leantach agus an t-athbhreithniú ar Chlár Oibre 2030 ([10]),

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún an 15 Bealtaine 2019 maidir leis an meastóireacht ar an 7ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol (COM(2019)0233),

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030 (COM(2020)0652),

— ag féachaint do thuarascáil na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil ó 2019 dar teideal *The European environment – state and outlook 2020: Knowledge for transition to a sustainable Europe* [Comhshaol na hEorpa – staid agus forbhreathnú 2020: eolas ar mhaithe leis an aistriú chuig Eoraip inbhuanaithe],

— ag féachaint do thuarascáil faireacháin Eurostat 2021 maidir leis an dul chun cinn i dtreo na spriocanna forbartha inbhuanaithe i gcomhthéacs AE,

— ag féachaint don rún uaithi an 11 Márta 2021 maidir leis an Seimeastar Eorpach um chomhordú na mbeartas eacnamaíoch: *Annual Sustainable Growth Strategy 2021* [Straitéis Bhliantúil 2021 um Fhás Inbhuanaithe] ([11]),

— ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 19 Meán Fómhair 2018 dar teideal "Táscairí níos oiriúnaí chun meastóireacht a dhéanamh ar SDGanna – rannchuidiú na sochaí sibhialta" ([12]),

— ag féachaint do Thuarascáil Forbartha Inbhuanaithe 2021 an 14 Meitheamh 2021, dar teideal *The Decade of Action for the Sustainable Development Goals* [An Deich mBliana Gníomhaíochta do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe],

— ag féachaint do na Conclúidí ón gComhairle an 22 Meitheamh 2021 dar teideal *A comprehensive approach to accelerate the implementation of the UN 2030 Agenda for sustainable development – Building back better from the COVID-19 crisis* [Cur chuige cuimsitheach chun dlús a chur le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe – Atógáil ar bhealach níos fearr tar éis ghéarchéim COVID-19],

— ag féachaint do thuarascáil speisialta Uimh. 26/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Marine environment: EU protection is wide but not deep* [An mhuirthimpeallacht: cosaint an Aontais fairsing gan bheith domhain],

— ag féachaint don pháipéar machnaimh ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2019 dar teideal 'I dtreo Eoraip Inbhuanaithe faoi 2030' (COM(2019)0022), go háirithe Iarscríbhinn III dar teideal "Achoimre ar rannchuidiú Ardán Il-gheallsealbhóirí SFI leis an bPáipéar Machnaimh 'I dtreo Eoraip inbhuanaithe faoi 2030'" de,

— ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do chomhphléití an Choiste um Fhorbairt agus an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia faoi Riail 58 de na Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don litir ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhorbairt agus ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (A9-0174/2022),

A. de bhrí, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, nach mbeidh ceartas aeráide ann gan forbairt atá inbhuanaithe agus cuimsitheach ó thaobh an chomhshaoil, na sochaí agus an gheilleagair de; de bhrí gur réamhriachtanas bunriachtanach é, dá bhrí sin, na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach chun aistriú cóir agus cothrom a bhaint amach faoi Chomhaontú Pháras agus faoin gComhaontú Glas don Eoraip;

---

([9]) IO C 67, 8.2.2022, lch. 25.
([10]) IO C 76, 28.2.2018, lch. 45.
([11]) IO C 474, 24.11.2021, lch. 91.
([12]) IO C 440, 6.12.2018, lch. 14.

**Déardaoin 23. Meitheamh 2022**

B. de bhrí nach bhfuiltear go hiomlán ar an eolas fós faoi thionchar phaindéim COVID-19, ach gur eascair leibhéal suntasach de chúlú ar SDGanna aisti cheana féin, go háirithe i dtíortha an Domhain Theas a bhfuil córais cúraim sláinte laga acu agus ina bhfuil rátaí vacsaínithe an-íseal, agus go raibh tuilleadh neamhionannais agus bochtaineachta mar thoradh air sin; de bhrí, de réir Thuarascáil 2021 na Náisiún Aontaithe maidir le Maoiniú don Fhorbairt Inbhuanaithe, go bhféadfadh "caillteanas deich mbliana" don fhorbairt inbhuanaithe eascairt as paindéim COVID-19; de bhrí gur buaileadh na tíortha is lú forbairt (TLFanna) go dona mar gheall ar a leochaileacht i leith suaití seachtracha; de bhrí gurb ionann timpeallacht shláintiúil agus colún bunúsach don fhorbairt inbhuanaithe; de bhrí go meastar go raibh an tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna thíos le "laghdú géar gan fasach" in 2020 den chéad uair le 30 bliain ó ríomhadh an beart; de bhrí gur tháinig ardú ar ráta na fíorbhochtaineachta in 2020 den chéad uair le 20 bliain; de bhrí, ar an lámh eile, gur deis shuntasach é an toradh a bheidh ar phaindéim COVID-19 chun ár sochaithe a athchruthú ar mhaithe leis na mianta a ghabhann le SDGanna a chomhlíonadh; de bhrí, roimh phaindéim COVID-19, go raibh bearna mheasta maoinithe domhanda de USD 2,5 trilliún idir maoiniú agus an méid a bhí ag teastáil chun SDGanna a bhaint amach; de bhrí, de réir aon mheastacháin amháin, ó thús na bliana 2021, gur tháinig méadú 50 % go USD 3,7 trilliún ar an mbearna sin mar thoradh ar an éiginnteacht eacnamaíoch agus agus ar an easnamh caiteachais téarnaimh a bhaineann leis an bpaindéim i dtíortha i mbéal forbartha; de bhrí go bhféadfadh le Coiste Speisialta nua na Parlaiminte maidir le paindéim COVID-19, ceachtanna a foghlaimíodh agus moltaí don todhchaí, imscrúdú a dhéanamh ar thionchar na paindéime ar SDGanna;

C. de bhrí, de réir Thuarascáil na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Dhomhanda Inbhuanaithe a eisíodh in 2019 agus Innéacs SDG 2020 ó Líonra Réitigh na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe (SDSN), nach bhfuil aon tír, lena n-áirítear aon tír Eorpach, ar an mbóthar ceart chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe uile a bhaint amach faoi 2030; de bhrí, de réir Thuarascáil 2021 maidir le Forbairt Inbhuanaithe na hEorpa, den chéad uair ó glacadh SDGanna, nár tháinig méadú ar mheánscór an Innéacs SDG in 2020; de bhrí nach bhfuil an Eoraip ar an mbóthar ach chun 26 de na 169 gcuspóir, nó 15 % díobh, a chomhlíonadh de réir Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip; de bhrí, de réir Innéacs SDG SDSN 2021, gurb iad tíortha ECFE is gaire do spriocanna Chlár Oibre 2030 a bhaint amach, ach gurb iadsan a ghineann na hiarmhairtí diúltacha is mó, rud a bhaineann an bonn ó chumas tíortha eile a spriocanna a bhaint amach;

D. de bhrí go bhfuil tionchar ollmhór ag na réaltachtaí nua geopholaitiúla agus daonnúla atá á bhforchur ag ionradh neamhdhleathach na Rúise agus ag an gcogadh san Úcráin ar bhaint amach SDGanna ar fud an domhain, go háirithe maidir leis an gcomhrac i gcoinne neamhionannas, na bochtaineachta agus an ocrais, agus go bhféadfaidís bac a chur ar an amlíne chun iad a chur i gcrích faoi 2030; de bhrí go bhfuil géarghá le spreagadh polaitiúil athnuaite chun SDGanna a bhaint amach d'fhonn tionchar COVID-19 agus iarmhairtí domhanda ionradh na Rúise ar an Úcráin a chur san áireamh; de bhrí gur gá, sa chomhthéacs sin, foinsí in-athnuaite fuinnimh a mhaoiniú chun ailíniú le cuspóirí Chlár Oibre 2030 a áirithiú agus chun brú airgeadais domhanda amach anseo in earnáil an fhuinnimh a sheachaint;

E. de bhrí go bhfuil sé d'oibleagáid ar AE cuspóirí maidir le comhar um fhorbairt a ionchorprú i ngach beartas inmheánach nó sheachtrach ar dóigh dóibh difear a dhéanamh do thíortha i mbéal forbartha, mar a leagtar amach in Airteagal 208 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh; de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach ailíniú a bhaint amach i mbeartais uile AE chun SDGanna a bhaint amach ar fud an domhain; de bhrí gur cur chuige é comhtháthú beartas don fhorbairt inbhuanaithe chun gnéithe éagsúla na forbartha inbhuanaithe a chomhtháthú go iomlánaíoch ag gach céim den cheapadh beartas agus gur príomhghné é d'iarracht AE Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme; de bhrí gur gheall an Coimisiún, ina dhoiciméad inmheánach oibre an 18 Samhain 2021 dar teideal *Delivering on the UN's Sustainable Development Goals – A comprehensive approach* [Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe – Cur chuige cuimsitheach a bhaint amach], cur chuige uile-rialtais a ghlacadh i leith cur chun feidhme na SDGanna, arna chomhordú ag an Uachtarán von der Leyen; de bhrí go n-éilíonn an t-aistriú chuig geilleagar folláine a thugann níos mó ar ais don phláinéid ná mar a thógann sé uaidh, atá leabaithe san ochtú clár gníomhaíochta don chomhshaol de chuid AE agus a chumhdaítear ina chuspóirí tosaíochta do 2030 agus 2050, go mbeidh ar AE cur chuige níos iomlánaíche a fhorbairt i leith ceapadh beartas;

F. de bhrí gur iarr an Pharlaimint, an Chomhairle agus an Chomhairle Eorpach, arís agus arís eile ó glacadh Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe in 2015, ar an gCoimisiún straitéis uileghabhálach a ghlacadh chun SDGanna a chur chun feidhme ina n-iomláine;

G. de bhrí go bhfuil idirspleáchas láidir idir géarchéimeanna sláinte, géarchéimeanna comhshaoil agus géarchéimeanna aeráide; de bhrí go dtiocfaidh méadú ar na géarchéimeanna sin sna blianta amach romhainn, go háirithe mar thoradh ar an athrú aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta;

**Déardaoin 23. Meitheamh 2022**

H. de bhrí go bhfuil teorainn leis an gcumas sonraí a aisghabháil chun na táscairí SDG a líonadh isteach i roinnt tíortha i mbéal forbartha, rud a d'fhéadfadh bac tromchúiseach a chur ar mheasúnú an dul chun cinn;

I. de bhrí go bhfuil méadú leanúnach ar an mbearna idir na daoine agus na tíortha is saibhre agus is boichte; de bhrí go bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint le héagothromaíochtaí a laghdú (SDG 10) agus gur cheart go mbeadh sé sin ag croílár na n-iarrachtaí coiteanna chun Clár Oibre 2030 a bhaint amach;

J. de bhrí go gcumhdaítear le SDGanna na saincheisteanna móra uile atá os comhair na daonnachta agus nach bhfuil baint acu le beartais forbartha amháin, ach freisin le beartais phoiblí níos leithne ar an leibhéal Eorpach;

K. de bhrí gur aithin AE, agus gealltanas á thabhairt aige Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach, gur den bhunriachtanas é dínit an duine aonair agus gur cheart spriocanna agus cuspóirí an chláir oibre a bhaint amach do gach náisiún, do gach duine agus do gach cuid den tsochaí;

L. de bhrí go bhfuil freagracht ar Pharlaimint na hEorpa agus ar na parlaimintí náisiúnta freisin a áirithiú go ndéanfar an fhorbairt inbhuanaithe a phríomhshruthú laistigh dá nósanna imeachta, chun fáil réidh le bacainní;

M. de bhrí go bhfuil aghaidh á tabhairt le SDGanna ar neamhionannais atá ag dul i méid, ar an athrú aeráide, ar chailliúint na bithéagsúlachta agus ar an méadú ar tháirgeadh dramhaíola; de bhrí go bhfuil na nithe sin go léir díobhálach do dhálaí beatha daoine;

N. de bhrí gur bunaíodh ardán ardleibhéil AE maidir le cur chun feidhme SDGanna, a mhair ó 2017 go 2019, chun tacú leis an gCoimisiún agus chun comhairle a chur air agus gur fóram a bhí ann chun taithí agus dea-chleachtais a mhalartú ar fud earnálacha agus ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais trí gheallsealbhóirí ón tsochaí shibhialta, ó eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ó na hearnálacha príobháideacha agus corparáideacha a thabhairt le chéile;

O. de bhrí, agus an méid thuas á chur san áireamh, go bhféadfaí cur le hailíniú agus éifeachtúlacht beartas poiblí dá mbeadh straitéis rialachais Eorpach ann ina ndéanfaí SDGanna a chomhtháthú i gcur chuige idirdhisciplíneach; de bhrí, mar shampla, gur cheart SDG 14 (saol faoi uisce), ina n-éilítear caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na n-aigéan, na bhfarraigí agus na n-acmhainní muirí le haghaidh forbairt inbhuanaithe, a chur chun feidhme mar chuid de bheartas muirí comhtháite;

P. de bhrí nach dtuigtear dul chun cinn domhanda SDGanna mar gheall ar easpa acmhainneachtaí faireacháin, go háirithe i dtíortha i mbéal forbartha;

Q. de bhrí gur chuir paindéim COVID-19 go mór leis na fadhbanna fiachais a bhí ann cheana i dtíortha i mbéal forbartha, rud a chuir a n-iarrachtaí chun acmhainní leordhóthanacha a shlógadh chun SDGanna a bhaint amach i mbaol tuilleadh; de bhrí, dá réir sin, go bhfuil géarghá le hiarrachtaí breise maidir le faoiseamh ó fhiachas chun mainneachtain fhorleathan i dtíortha i mbéal forbartha a sheachaint agus chun infheistíochtaí sa téarnamh agus i mbaint amach SDGanna a éascú;

R. de bhrí, de réir an séú tuarascáil de chuid IPCC in 2022, go bhfuil laghdú tagtha ar shlándáil an tsoláthair bia agus an uisce mar gheall ar an athrú aeráide, rud a chuir bac ar na hiarrachtaí chun SDGanna a bhaint amach;

S. de bhrí go bhfuil gné fhonáisiúnta agus áitiúil ag baint le SDGanna;

T. de bhrí gur taiscumair ollmhóra bhithéagsúlachta agus príomhrialtán na haeráide domhanda iad na haigéin; de bhrí go bhfuil a gcaomhnú criticiúil don fhorbairt inbhuanaithe, go rannchuidíonn sé le díothú na bochtaineachta agus go gcuireann sé slite beatha inbhuanaithe agus slándáil bia ar fáil do na billiúin duine;

U. de bhrí gurb uilíoch agus gur doroinnte iad SDGanna; de bhrí go bhfuil siad i gcoiteann ag na gníomhaithe go léir agus infheidhme maidir leo go léir, lena n-áirítear an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach, an tsochaí shibhialta agus comhpháirtithe sóisialta;

V. de bhrí gurb iad na 17 SDG, a 169 gcuspóir faoi seach agus na táscairí a ghabhann leo, an t-aon chreat do bheartais atá bunaithe ar fhianaise, arna roinnt ar fud an domhain agus arna chomhaontú go polaitiúil;

**Déardaoin 23. Meitheamh 2022**

***Réamhrá***

1. ag athdhearbhú a tiomantais do Chlár Oibre 2030, do na 17 SDG a ghabhann leis agus don ghealltanas gan aon duine nó aon áit a fhágáil ar lár; á chur i bhfáth, i bhfianaise na bpaindéimí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo mar aon le toradh an chogaidh san Úcráin, go gcuirtear bealach ar leith ar fáil le Clár Oibre 2030 chun geilleagar folláine a athógáil ar bhealach níos fearr chun domhan atá níos cothroime, níos córa, níos cuimsithí, níos inbhuanaithe agus níos athléimní a fhorbairt; á aithint gur cúis bhuartha don chine daonna iad SDGanna; ag spreagadh an Choimisiúin chun gníomhú ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus cearta an duine, an ceart chun sláinte, pobail áitiúla, dídeanaithe agus imircigh, leanaí, grúpaí mionlaigh, daoine i staideanna leochaileacha, an ceart chun forbartha, comhionannas inscne, cumhachtú na mban agus cothromas idirghlúine a urramú agus a chur chun cinn;

2. á mheabhrú go bhfuil níos lú ná 8 mbliana fágtha chun spriocanna Chlár Oibre 2030 don fhorbairt inbhuanaithe a bhaint amach agus gur dearbhaíodh gurb ionann na 2020idí agus Deich mBliana Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inbhuanaithe;

3. á chur i bhfios go láidir go rannchuideoidh comhlíonadh Chlár Oibre 2030 le haistriú cothrom, cuimsitheach, glas agus digiteach a bhaint amach, i gcomhréir le huaillmhianta agus gníomhaíochtaí an Aontais a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus i gCompás Digiteach 2030;

***Rialachas***

4. á chur in iúl gur díol sásaimh di tiomantas Uachtarán an Choimisiúin cur chuige “iomlán an rialtais” a shaothrú maidir le cur chun feidhme spriocanna forbartha inbhuanaithe an Aontais agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe a phríomhshruthú i bpunann gach Coimisinéara; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún agus ar a Uachtarán a thaispeáint tuilleadh conas atá an cur chuige “uile-rialtais” i leith SDGanna á chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais; á dhearbhú, áfach, nach féidir le cur chuige den sórt sin a bheith éifeachtach ach amháin le ceannaireacht ar an leibhéal is airde agus le plean nithiúil chun gníomhaíocht chuimsitheach a áirithiú ar fud an Choimisiúin; á chur in iúl gurb oth léi nach raibh aon Choimisinéir amháin freagrach as cur chun feidhme inmheánach agus seachtrach SDGanna agus as a gcomhordú ó 2019 i leith, rud a raibh cur chuige ilroinnte mar thoradh air, atá contrártha do phrionsabal an chomhtháthaithe beartais don fhorbairt inbhuanaithe; ag moladh, sa bhreis air sin, go n-ainmneodh an Coimisiún Toscaire Speisialta do SDGanna, a bheadh freagrach don Choimisinéir freagrach, chun gníomhaíocht chomhsheasmhach maidir le SDGanna a chur chun cinn ar fud an domhain trí ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais;

5. á athdhearbhú go bhfuil leibhéal láidir dlisteanachta sochaíocha agus fíor-athshocrú polaitiúil ag teastáil chun SDGanna a bhaint amach agus nach bhféadfar é a bhaint amach ach amháin má fhéachtar ar SDGanna mar dheis do shaoránaigh; ag cur béim ar an tábhacht a bhaineann leis na meáin i ndáil leis an méid sin; á mheabhrú go bhfuil an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht struchtúrtha geallsealbhóirí agus le comhpháirtíochtaí il-gheallsealbhóra i gcroílár SDGanna; á chur in iúl gurb oth léi nár athnuadh sainordú an ardáin il-gheallsealbhóra in 2019 agus á iarraidh go ndéanfaí é a athbhunú go práinneach nó go mbunófaí sásra nua do rannpháirtíocht struchtúrtha, le hionadaíocht chothrom, éagsúlaithe agus dhaonlathach lena gcumhdaítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta, eagraíochtaí pobalbhunaithe, an earnáil phríobháideach (lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus eagraíochtaí atá faoi stiúir táirgeoirí), ceardchumainn, comharchumainn, institiúidí acadúla agus taighde, rialtais réigiúnacha agus áitiúla agus grúpaí imeallaithe; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról lárnach ag na geallsealbhóirí sin uile, toisc go ndéanann siad dlúthfhaireachán ar chur chun feidhme SDGanna ag rialtais agus go rannchuidíonn siad go díreach leis an bhforbairt inbhuanaithe; á iarraidh go mbeadh rannpháirtíocht agus comhairliúchán níos láidre ann leis na grúpaí sin; á chur i bhfáth gur cheart don ardán il-gheallsealbhóra idirchaidreamh córasach a dhéanamh leis an Meitheal maidir le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe chun fíor-rannpháirtíocht na mBallstát a áirithiú;

6. á aithint go bhfuil an-drochthionchar ag easpa cuntasachta, trédhearcachta agus dea-rialachais ar chur chun feidhme Chlár Oibre 2030 i dtíortha forbartha agus i dtíortha i mbéal forbartha araon agus á chur i bhfáth gur gá frith-éilliú agus sláine a chur chun cinn chun dlús a chur le cur chun feidhme SDGanna agus chun faireachán leanúnach a dhéanamh ar an dul chun cinn;

7. á chur i bhfáth gur cheart go rachadh na hiarrachtaí chun SDGanna a phríomhshruthú i mbeartais inmheánacha agus sheachtracha an Aontais níos faide ná cleachtadh mapála; á mheabhrú go gcuireann go leor beartais inmheánacha de chuid an Aontais ní hamháin le cur chun feidhme SDGanna ach go bhfuil tionchar éiceolaíoch, sochaíoch agus eacnamaíoch an-ard acu ar thíortha i mbéal forbartha agus ar ghrúpaí agus pobail leochaileacha; ag áitiú, dá bhrí sin, nach mór gníomhaíocht inmheánach agus sheachtrach AE a chomhordú tuilleadh d’fhonn tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar an leibhéal domhanda; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá cur chuige comhtháite, a dteastódh réitigh shistéamacha chuige; ag aithint an dul chun cinn a rinneadh maidir le fothú acmhainneachta, ach á chur i bhfáth gur gá feabhas a chur ar ailíniú agus comhordú gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta ar fud an Aontais;

**Déardaoin 23. Meitheamh 2022**

8. ag moladh go mbeadh comhtháthú beartais níos fearr ann ar mhaithe le forbairt sa phacáiste stairiúil reachtach “Oiriúnach do 55” ([13]), sa chomhbheartas talmhaíochta, sa chomhbheartas iascaigh, sa chomhbheartas tráchtála agus in obair an Choimisiúin i gcoitinne; á chur in iúl, ós rud é nach bhfuil straitéis cur chun feidhme SDGanna ann, go bhfuil sé níos dúshlánaí comhleanúnachas beartais a bhaint amach, mar gheall ar an easpa cuspóirí soiléire, intomhaiste uile-Aontais faoi cheangal ama atá ann a bhféadfaí tuairisciú a dhéanamh orthu i gcás gach SDG; á iarraidh go dtabharfaí tús áite don fhorbairt inbhuanaithe agus go ndéanfaí í a phríomhshruthú feadh an timthrialla beartais (dearadh, cur chun feidhme agus meastóireacht), agus go ndéanfaí gnéithe uile na forbartha a mheas go córasach i measúnuithe tionchair, i nochtadh faisnéise agus i gceanglais tuairiscithe sheachtraigh; ag moladh go ndéanfadh an Coimisiún iniúchadh inmheánach chun ailíniú a áirithiú idir beartais inmheánacha agus sheachtracha AE; á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh SDGanna mar chnámh droma ag beartais phoiblí na hEorpa;

9. á iarraidh ar an gCoimisiún straitéis nua ardleibhéil um chur chun feidhme Chlár Oibre 2030 an Aontais a ghlacadh, mar a d’iarr an Chomhairle Eorpach i mí Dheireadh Fómhair 2018, ag tógáil ar rúin ón Aontas agus ar threoracha beartais atá dírithe ar SDGanna a bhaint amach, ós rud é go bhfuil níos lú ná 8 mbliana fágtha chun Clár Oibre 2030 a bhaint amach agus, dá bhrí sin, go bhfuil gá le cur chun feidhme práinneach, i gcomhréir leis na Deich mBliana Gníomhaíochta chun na Spriocanna Domhanda a bhaint amach; á chreidiúint gur cheart go saineofaí na nithe seo a leanas, ar a laghad, le straitéis den sórt sin:

(a) creat nua rialachais, arna threorú ag Coimisinéir ardleibhéil amháin atá freagrach as SDGanna a chur chun feidhme i ngach punann agus a rachaidh i gcomhairle go córasach leis an ardán nua il-gheallsealbhóra;

(b) sraith athbhreithnithe de chuspóirí nithiúla, intomhaiste, uile-Aontais faoi cheangal ama chun uaillmhian AE agus bearta nithiúla chun iad a bhaint amach a threisiú;

(c) córas faireacháin agus táscairí nuashonraithe, agus tionchar inmheánach agus seachtrach AE ar dhul chun cinn domhanda SDGanna á chur san áireamh;

(d) plean airgeadais aonair chun cuspóirí SDG an Aontais a bhaint amach, agus é nasctha leis na cuspóirí thuas;

(e) plean do thaidhleoireacht agus comhar idirnáisiúnta an Aontais a mhéid a bhaineann le SDGanna, faoi stiúir Toscaire Speisialta do SDGanna, chun a áirithiú go roinnfear an t-ualach go cothrom agus go mbeidh cothrom na Féinne ann;

á iarraidh ar Uachtarán na Parlaiminte, ar Uachtarán an Choimisiúin agus ar Uachtarán na Comhairle ráiteas idirinstitiúideach a chur leis an straitéis sin, ar ráiteas é lena ndéanfar tiomantas AE do Chlár Oibre 2030 a athnuachan; á chur i bhfáth gur cheart an straitéis sin a fhoilsiú faoi mhí an Mheithimh 2023 ar a dhéanaí, chun go mbeidh ról ceannasach ag an Aontas maidir le Clár Oibre 2030 a athbheochan ag Cruinniú Mullaigh SDG i mí Mheán Fómhair 2023; á chur i bhfáth gur cheart an straitéis a athbhreithniú go rialta agus gur cheart bearta ceartaitheacha a bheith ag gabháil léi i réimsí ina meastar an dul chun cinn a bheith stoptha nó neamhleor;

10. á chur i bhfios gur den réamhriachtanas é go mbeadh comhordú ann laistigh d’institiúidí an Aontais agus eatarthu chun éifeachtacht ghníomhaíochtaí an Aontais a mhéadú; á iarraidh go gcruthófaí tascfhórsa idirinstitiúideach chun idirphlé struchtúrtha a éascú maidir leis na SDGanna, ar a mbeadh ionadaithe ón bParlaimint, ón gCoimisiún agus ón gComhairle; á mheas gur cheart don tascfhórsa sin, ar cheart dó teacht le chéile gach ráithe, an fhreagracht a ghlacadh air féin iarrachtaí an Aontais a chomhordú chun na SDGanna a chur i gcrích go hinmheánach agus ar fud an domhain; á chur in iúl go bhfuil sí muiníneach go dtabharfaidh an Coimisiún an t-eolas is déanaí do na comhreachtóirí go rialta maidir leis na forbairtí beartais agus na bearta a gabhadh de láimh chun na SDGanna a chur chun feidhme;

11. á chur in iúl gur geal léi comhtháthú na SDGanna in athbhreithniú 2021 ar an mbosca uirlisí maidir le Rialáil Níos Fearr, lena n-áirítear an teachtaireacht, na treoirlínte agus an bosca uirlisí féin, go háirithe an uirlis thiomnaithe maidir le cur chun feidhme na SDGanna agus táscairí ábhartha SDG a léiriú maidir leis na cineálacha éagsúla tionchair;

([13]) COM(2021)0550.

12. á chur in iúl gurb é a tuairim gur cheart go mbeadh glacadh na straitéise cuimsithí nua cur chun feidhme bunaithe ar chur chuige ó bhun aníos, tar éis mapáil a dhéanamh ar na SDGanna agus tar éis próiseas comhairliúcháin rannpháirtíochta poiblí a bheadh leathan, struchtúrtha, cuimsitheach agus fóinteach, in éineacht le plean d'fhor-rochtain shuntasach agus rannpháirtíocht na saoránach, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta, ionadaithe ábhartha tionscail agus, ar bhonn níos leithne, an earnáil phríobháideach, ceardchumainn, lucht léinn, rialtais réigiúnacha agus áitiúla, mionlaigh agus grúpaí leochaileacha;

13. á iarraidh ar an gCoimisiún réamhullmhúchán a dhéanamh le haghaidh chlár oibre na Náisiún Aontaithe tar éis 2030 le treochlár spriocanna agus beart chun na chéad spriocanna eile maidir le forbairtí inbhuanaithe a phleanáil;

***Faireachán***

14. á iarraidh ar an bParlaimint buanrapóirtéir a cheapadh maidir le cur chun feidhme na SDGanna chun oibriú leis an mBiúró agus le gach coiste, agus leis an ardán ilgheallsealbhóra chomh maith; á mholadh, thairis sin, gur cheart do gach coiste Feisire a cheapadh a bheidh freagrach as na SDGanna a chomhlíonadh agus gur cheart do na Feisirí freagracha sin teacht le chéile ina measc féin agus leis an mbuanrapóirtéir ar bhonn ráithiúil chun an t-ailíniú a áirithiú;

15. á thabhairt chun suntais go bhfuil ról le himirt ag Parlaimint na hEorpa agus ag na parlaimintí náisiúnta freisin maidir lena áirithiú go ndéantar an fhorbairt inbhuanaithe a phríomhshruthú sna nósanna imeachta agus go sárófar na bacainní; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil tábhacht ag baint le rannpháirtíocht agus rannchuidiú na Parlaiminte san Fhóram Ardleibhéil Polaitíochta bliantúil um Fhorbairt Inbhuanaithe (HLPF), agus ag an ról a d'fhéadfadh a bheith ag an tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme na SDGanna i ndáil leis an méid sin;

16. á dhearbhú nach féidir tuiscint níos fearr a fháil ar fhíorthionchar an Aontais ar dhul chun cinn na SDGanna san Aontas agus ar fud an domhain ach trí aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sna sonraí atá ann cheana, lena n-áirítear an easpa sonraí imdhealaithe agus laigí sna córais faisnéise, trí neartú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as na sonraí staidrimh atá ann cheana ó fhoinsí éagsúla agus trí ghlacadh le sonraí teorann agus intleacht shaorga, i gcomhréir le rialacháin agus rialacha maidir le cosaint sonraí; á chreidiúint go bhfuil sé ríthábhachtach faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le gach ceann de na 169 gcuspóir fo-sprice; á iarraidh ar AE dlús suntasach a chur leis an gcomhar teicniúil le tíortha atá i mbéal forbartha chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna sonraí domhanda a chruthaítear de bharr easpa acmhainní faireacháin agus modheolaíochtaí neamhréireacha;

17. á chur in iúl gur geal léi na tuarascálacha faireacháin bliantúla ó Eurostat maidir leis na SDGanna; á iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú bliantúil ar thacar táscairí SDG ó Eurostat agus go mbeadh rialtais réigiúnacha agus áitiúla agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta rannpháirteach go córasach san athbhreithniú bliantúil sin, i gcomhréir le hathbhreithniú 2021; á chur in iúl go láidir gur gné thrasteorann agus thrasearnála í an fhorbairt inbhuanaithe; á dhearbhú go bhfuil sí toilteanach aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí diúltacha iarmharta atá ag cur chun feidhme na SDGanna ar réigiúin eile; á chur in iúl gur geal léi an obair atá déanta ag Eurostat chuige sin agus an chéad iarracht éifeachtaí iarmharta den sórt sin a chainníochtú go páirteach, ach á chur i bhfáth gur gá an mhodheolaíocht sin a fhorbairt tuilleadh chun go dtabharfar aird leordhóthanach ar lorg domhanda an Aontais ([14]); á iarraidh go ndéanfaí táscairí a shocrú do gach sprioc thar a uasteorainn de shé cinn chun gníomhaíocht sheachtrach AE, slabhraí soláthair agus luachshlabhraí Eorpacha agus iarmhairtí iarmharta thomhaltas AE a chur san áireamh;

18. á chur i bhfáth go bhfuil gá leis na Conclúidí ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2019 maidir le geilleagar na dea-bhaile a chur chun feidhme agus á iarraidh ar an gCoimisiún, i ndáil leis an méid sin, an deais agus an táscaire "Thar OTI" a chur i bhfeidhm gan mhoill, mar a leagtar síos san ochtú clár gníomhaíochta comhshaoil de chuid an Aontais, lena gcuirtear daoine agus a bhfolláine i gcroílár dhearadh an bheartais; á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar bhearta malartacha a chur chun feidhme maidir le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na SDGanna, amhail an tInnéacs maidir leis an Dul Chun Cinn Sóisialta;

19. á chur i bhfáth gur cheart leibhéal íosta sonraí agus imdhealaithe staidrimh, a bheadh ailínithe le creat domhanda faireacháin na SDGanna agus maidir le gach SFI san Aontas, a bhunú, lena gcumhdófaí, i gcás inarb iomchuí, suíomh geografach, inscne, gnéaschlaonadh, ioncam, leibhéal oideachais, aois, cine, eitneachas, stádas imirce, lagú agus tréithe eile, agus gur cheart prionsabail an chur chuige maidir le sonraí atá bunaithe ar chearta an duine a chur san áireamh; á chur in iúl gur geal léi an tionscnamh ón gCoimisiún marcóirí a bhunú chun neamhionannas a thomhas i ndáil leis sin; á iarraidh ar Eurostat tabhairt faoin obair ullmhúcháin ar fad a theastaíonn chun an leibhéal imdhealaithe sin a chur san áireamh sna tuarascálacha faireacháin atá ar na bacáin, i gcomhréir leis na treoirlínte agus na tosaíochtaí a leagann an Idirghníomhaireacht agus an Sainghrúpa um Tháscairí SDGanna síos agus atá curtha in oiriúint do chomhthéacs AE;

---

([14]) Eurostat, an Coimisiún Eorpach, 'EU SDG Indicator set 2021 – Result of the review in preparation of the 2021 edition of the EU SDG monitoring report' [Sraith tháscairí SDGanna an Aontais Eorpaigh – Torthaí an athbhreithnithe mar ullmhúchán d'eagrán 2021 de thuarascáil faireacháin SDGanna an Aontais Eorpaigh, 2021].

20. á mheabhrú gurb iad na hathbhreithnithe deonacha náisiúnta an phríomhuirlis chuntasachta i gClár Oibre 2030; á mheabhrú a thábhachtaí atá athbhreithnithe náisiúnta mar bhealach chun teannas agus comhbhabhtáil idir SDGanna a shainaithint agus chun próiseas atriallach a ghiniúint maidir le beartais a choigeartú i bhfianaise an dul chun cinn i dtreo spriocanna; á mholadh do na Ballstáit páirt a ghlacadh sna hathbhreithnithe deonacha náisiúnta agus na moltaí a rinneadh an uair seo a chur san áireamh agus a chur chun feidhme ar bhealach fóinteach; á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú deonach AE a chur i láthair ag HLPF 2023 agus gach bliain ina dhiaidh sin, agus a iarraidh go ndéanfaí caighdeánú breise ar na hathbhreithnithe deonacha náisiúnta, lena ndíreofar ar inniúlachtaí eisiacha comhroinnte an Aontais, ach ina mbeadh measúnú freisin ar thionchar foriomlán dearfach agus diúltach an Aontais agus na mBallstát ar dhul chun cinn domhanda SDGanna; á mheas gur cheart an t-athbhreithniú sin a bheith bunaithe ar tháscaire athbhreithnithe SDG agus gur cheart go gcumhdófaí leis tosaíochtaí inmheánacha, taidhleoireacht, agus gníomhaíocht idirnáisiúnta chun na nithe comónta domhanda a athbhunú agus a chosaint agus chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí idirnáisiúnta bheartais inmheánacha an Aontais, mar aon le gnéithe dearfacha agus diúltacha ghníomhaíocht an Aontais;

21. ag aithint a thábhachtaí atá athbhreithnithe deonacha áitiúla agus athbhreithnithe deonacha fonáisiúnta maidir leis gach SDG a chur chun feidhme; á iarraidh ar an gCoimisiún dul i gcomhairle leis an bParlaimint agus í a chur ar an eolas faoi athbhreithniú deonach AE roimh Chruinniú Mullaigh 2023 maidir le SDGanna; á chur i bhfáth go bhfuil gá le hathbhreithniú rialta a fhorbairt ar chur chun feidhme na SDGanna ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil san Aontas; á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis an méid sin, obair Chlár na Náisiún Aontaithe um Lonnaíochtaí don Duine; á mholadh go ndéanfaí tuilleadh forbartha ar thionscnamh na Náisiún Aontaithe um "Logánú na SDGanna" chun dlús a chur leis na hiarrachtaí chun na SDGanna a ghnóthú faoi 2030 agus chun na hiarrachtaí sin a mhéadú; ag moladh an obair a rinne an tAirmheán Comhpháirteach Taighde maidir le logánú Chlár Oibre 2030 agus maidir leis an Lámhleabhar Eorpach um Athbhreithnithe Áitiúla Deonacha SDG, lena gcuirtear táscairí oifigiúla agus turgnamhacha úsáideacha ar fáil chun córas éifeachtach faireacháin áitiúil SDG a bhunú atá dírithe go sonrach ar chathracha Eorpacha; á chur in iúl gur geal léi an treoirthionscadal "Faireachán a dhéanamh ar SDGanna i réigiúin an Aontais – na bearnaí sonraí a líonadh", a thionscain Parlaimint na hEorpa, lena saineofar agus lena dtástáilfear tacar comhchuibhithe táscairí do réigiúin an Aontais chun faireachán a dhéanamh ar ghnóthú na SDGanna agus lena réiteofar an bealach do phróiseas córasach athbhreithnithe i réigiúin an Aontais;

22. á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh agus ar thorthaí na tuarascála bliantúla ó Eurostat maidir le faireachán ar SDGanna gach bliain le linn an aithisc ar Staid an Aontais Eorpaigh; ag dréim leis go n-áireofar i gclár oibre bliantúil an Choimisiúin na SDGanna mar thosaíocht bhliantúil, lena n-áirítear tograí nithiúla le haghaidh tionscnaimh reachtacha nó neamhreachtacha a bhfuil sé mar aidhm leo rannchuidiú le gnóthú na SDGanna agus go ndéanfar na SDGanna a phríomhshruthú go hiomlán i gclár oibre bliantúil an Choimisiúin;

23. ag aithint a thábhachtaí atá tuairisciú na hearnála príobháidí do chur chun feidhme na SDGanna; á thabhairt chun suntais gur féidir le tuairisciú ar inbhuanaitheacht chorparáideach agus dícheall cuí, nuair a thagann siad faoi réir iniúchtaí ábhartha, a bheith ina chreat tábhachtach chun cuntasacht níos fearr a spreagadh san earnáil phríobháideach i ndáil leis an tionchar sóisialta agus comhshaoil a bhíonn ag cuideachtaí agus i ndáil leis an méid a rannchuidíonn siad le SDGanna a bhaint amach; á mholadh do na gníomhaithe uile ar fud na sochaí, lena n-áirítear eintitis phríobháideacha, páirt a ghlacadh i dtuairisciú deonach rialta ar chur chun feidhme na SDGanna;

24. á iarraidh ar an gCoimisiún fóram ar líne a bhunú chun dea-chleachtais a chomhroinnt le haghaidh na dtionscnamh ar an leibhéal áitiúil chun SDGanna a ghnóthú, fóram arna eagrú ag SDG; á mholadh go ndéanfaí an fóram sin a chur chun cinn mar chuid de ghníomhaíocht sheachtrach agus inmheánach AE maidir le gnóthú na SDGanna;

***Buiséad agus maoiniú***

25. á chur i bhfios go láidir gur uirlis ríthábhachtach é buiséad an Aontais chun na SDGanna a chur chun feidhme, mar gheall ar a méid comhcheangailte de EUR 1,8 trilliún, mar gheall ar a réimse fadtéarmach agus mar gheall ar a ngné ilnáisiúnta ([15]);

([15]) An Roinn Beartais um Ghnóthaí Buiséadacha, an Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha, don Choiste um Rialú Buiséadach, "Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe i mbuiséad an Aontais", 2021.

**Déardaoin 23. Meitheamh 2022**

26. ag tabhairt dá haire go raibh an féichiúnas poiblí sa Domhan Theas ar leibhéil nach bhfacthas riamh cheana roimh COVID-19, rud ar cúis imní di é, a d"fhág go raibh sciar méadaitheach de bhuiséid phoiblí á n-úsáid chun fónamh d"fhiacha seachtracha, rud a rinne difear do chumas na rialtas maoiniú leordhóthanach a dhéanamh ar sheirbhísí bunúsacha poiblí agus iad a sholáthar; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di gur chuir an ghéarchéim atá ann faoi láthair leis na leochaileachtaí fiachais sin a bhí ann cheana; á iarraidh go gcruthófaí sásra iltaobhach láimhseála fiachais, faoi choimirce na Náisiún Aontaithe, chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim fiachais i dtíortha atá i mbéal forbartha agus ar riachtanais mhaoinithe Chlár Oibre 2030;

27. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé an méid a chuireann an tAontas leis na SDGanna a thomhas ar bhealach beacht agus cuimsitheach, ós rud é gur coinníoll bunriachtanach é sin chun comhtháthú beartais a ghnóthú don fhorbairt inbhuanaithe; á chur in iúl gur geal léi spriocanna an Choimisiúin don chúnamh oifigiúil um fhorbairt (ODA) i ndáil le spriocanna sonracha SDG agus na hiarrachtaí atá á ndéanamh aige caiteachas bhuiséad an Aontais ar an aeráid, ar an mbithéagsúlacht, ar an aer glan, ar an imirce agus ar chomhionannas inscne a rianú ([16]); á chur in iúl gur geal léi go bhfuil córais á gcur ar bun, i raon beartas, chun tuairisciú a dhéanamh maidir le SDGanna, lena n-áirítear sa chomhar um fhorbairt; á chur in iúl gurb oth léi, áfach, in ainneoin ghealltanas an Choimisiúin i mí na Samhna 2020, nach leor an dul chun cinn atá déanta chun acmhainní agus caiteachas a bhaineann le SDGanna a rianú ina n-iomláine – seachas réimse na gníomhaíochta seachtraí, mar a leagtar amach in athbhreithniú 2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa – agus chun neamhréireachtaí a rianú i measc na gcaiteachas, rud a chuireann bac ar chumas AE agus tríú tíortha na SDGanna a ghnóthú, go háirithe i réimse na talmhaíochta; á áitiú, dá bhrí sin, go bhfuil gá le rianú cuimsitheach caiteachais SDG trí mhodheolaíochtaí tiomnaithe a úsáid, mar shampla, agus tagairt á déanamh do neamhionannais (SDG 10) agus don tábhacht straitéiseach a bhaineann leo chun na SDGanna uile a chur chun feidhme; á athdhearbhú go mbeidh i gceist leis sin dul níos faide ná an cleachtadh mapála atá ann cheana agus a tharlaíonn sa tuarascáil bhliantúil bhainistíochta agus feidhmíochta do bhuiséad an Aontais; ag tabhairt dá haire gur tháinig laghdú le roinnt blianta anuas de réir a chéile ar an leibhéal lamháltais ODA do thíortha i mbéal forbartha, go ginearálta, agus do na tíortha is lú forbairt, go háirithe, rud ar cúis imní di é, agus á iarraidh ar AE a sprioc a bhaint amach maidir le 20 % ar a laghad de ODA a leithdháileadh ar fhorbairt dhaonna mar uirlis riachtanach chun na SDGanna a ghnóthú; á chur i bhfáth go bhfuil gá le go ndéanfadh deontóirí tús áite a thabhairt do mhaoiniú deontas-bhunaithe, go háirithe do na tíortha is lú forbairt, i bhfianaise a n-ualaí fiachais neamh-inbhuanaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún borradh a chur faoi na huirlisí maoinithe atá ann faoi láthair chun glan-astaíochtaí nialasacha a ghnóthú in oibríochtaí agus slabhraí soláthair na hEorpa faoi 2030;

28. á chur i bhfáth go bhfuil gá le hoiliúint a mhaoiniú chun acmhainneacht a fhothú do FBManna chun a fháil amach conas na SDGanna a chur chun feidhme ina ngníomhaíochtaí laethúla;

29. á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí a rinneadh chun na SDGanna a chomhtháthú sa Seimeastar Eorpach ar bhealach cuimsitheach, lena n-áirítear trí na Suirbhéanna Bliantúla ar Fhás Inbhuanaithe agus trí fhaireachán bliantúil Eurostat ar SDGanna a chomhtháthú mar chuid de phacáiste earraigh an tSeimeastair Eorpaigh; ag athdhearbhú go dtacaíonn sí le táscairí bithéagsúlachta a chomhtháthú sa Seimeastar Eorpach; ag tathant ar na Ballstáit cur le leibhéal uaillmhéine a bhfreagairtí náisiúnta maidir le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030; á chur in iúl gur geal léi lárnacht na SDGanna i bpacáiste an fhómhair, go háirithe an moladh go bhfuil straitéis "a théann thar OTI" á saothrú ag na Ballstáit chun na SDGanna a leabú ina bhfreagairtí náisiúnta; á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint den athchóiriú ar an Seimeastar Eorpach chun cothromaíocht a bhaint amach idir tosaíochtaí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil, ionas go gcuirfidh sé athrú fadtéarmach sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíoch chun cinn agus go gcuirfidh sé feabhas ar chomhtháthú Chlár Oibre 2030, Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip ar gach leibhéal, ina mbeidh na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha lánpháirteach agus lena gcomhlánófar athchóirithe agus infheistíochtaí sna Ballstáit; á mheas gur cheart a áirithiú leis an athchóiriú sin nach n-eascróidh próiseas beartais atá comhthreomhar leis an Seimeastar Eorpach as comhordú beartais SDG Eorpach, ach gur cur chuige comhtháite comhleanúnach a bheidh ann bunaithe ar chomhaontú nua don fhorbairt inbhuanaithe; ag dréim leis go gcuirfidh próiseas an tSeimeastair feabhas ar inniúlachtaí na mBallstát maidir le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na SDGanna;

30. Ag tacú leis an gComhaontú Glas don Eoraip; á iarraidh go mbeadh tuiscint níos fearr ann ar ról sineirgisteach na SDGanna maidir le dul i ngleic leis an athrú aeráide agus ag leagan béim, sa chomhthéacs sin, ar fhóntas na spriocanna forbartha inbhuanaithe, go háirithe SDG 13, agus ar an deis chun obair a dhéanamh ar chomhbhabhtáil agus ar chomhleanúnachas beartais laistigh de chreat SDG;

---

([16]) An Roinn Beartais um Ghnóthaí Buiséadacha, an Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha, don Choiste um Rialú Buiséadach, "Budgetary control of the Sustainable Development Goals in the EU budget – What measures are in place to ensure effective implementation?" [Rialú buiséadach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe i mbuiséad AE – Cad iad na bearta atá i bhfeidhm chun cur chun feidhme éifeachtach a áirithiú?], 2021.

**Déardaoin 23. Meitheamh 2022**

31. á iarraidh go ndéanfaí mapáil chuimsitheach ar na himchlúdaigh airgeadais de bheartais, de chláir agus de chistí de chuid an Aontais, ar athneartaíodh iad le cistí breise NextGenerationEU, chun Eoraip a bheidh níos glaise, níos digití agus níos athléimní a chruthú, lena n-áirítear mapáil a dhéanamh chun a fháil amach an bhfuil na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe struchtúracha a saothraítear faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ag teacht le cuspóirí Chlár Oibre 2030 agus iad a chur chun cinn tuilleadh; á iarraidh go gcuirfí chun feidhme ina n-iomláine an mhodheolaíocht chun an t-athrú aeráide a rianú agus an prionsabal "gan dochar suntasach a dhéanamh" sna pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, chomh maith leis na tosaíochtaí sóisialta agus déimeagrafacha a leagtar síos leis na SDGanna agus le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta;

32. á chur i bhfios go láidir nach mór maoiniú poiblí agus príobháideach a ailíniú leis na SDGanna; ag tathant ar an gCoimisiún Clár Oibre 2030 a neadú i mbeartais eacnamaíocha agus airgeadais agus i reachtaíocht eacnamaíoch agus airgeadais; á iarraidh ar AE agus a Bhallstáit, i gcomhthéacs ina bhfuil ODA fós gann, oibríochtaí measctha a dhíriú ar na réimsí sin inar féidir leo breisluach a chur leis an ngeilleagar áitiúil; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tosaíocht níos leithne a thabhairt do chomhpháirtíochtaí le fiontair intíre na dtíortha is lú forbairt a shaothraíonn samhlacha gnó atá inbhuanaithe agus cuimsitheach;

33. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé go mbeadh an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach ag obair le chéile chun an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus a mhaoiniú; á chur i bhfáth a riachtanaí atá institiúidí airgeadais chun straitéisí agus spriocanna a shainiú agus a ghlacadh chun punanna airgeadais a ailíniú leis na SDGanna agus chun tuairisc a thabhairt go rialta ar dhul chun cinn; á iarraidh go ndéanfaí dianphlé leis an earnáil phríobháideach agus go mbeifí i dteagmháil léi chun maoiniú príobháideach a spreagadh agus chun feabhas a chur ar chruthú treoirlínte oibre maidir le SDGanna bliantúla do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, don saol acadúil agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit, go háirithe i ngeall ar ábhair imní maidir le hinbhuanaitheacht fiachais, cur chuige stuama a ghlacadh maidir le maoiniú cumaiscthe agus a áirithiú go gcomhlíonfaidh an maoiniú ar fad a shlógtar trí mheán an chumaisc éifeachtacht na forbartha, inbhuanaitheacht agus prionsabail an airgeadais chumaiscthe de chuid Choiste Cúnaimh Forbartha ECFE;

34. ag tabhairt dá haire nach bhfuil aon phlean ainmnithe fós ag an Aontas chun na SDGanna a mhaoiniú; ag tathant ar an gCoimisiún plean den chineál sin a ullmhú mar ábhar práinne, agus aird á tabhairt ar an mbearna mheasta bhliantúil de USD 3,7 trilliún i maoiniú SDG tar éis COVID-19 ([17]); á chur i bhfios go láidir, in éagmais plean den chineál sin, lena n-áirítear spriocanna inchainníochtaithe atá sainithe go soiléir, go gcuirtear cosc ar rianú cuimsitheach caiteachais na SDGanna faoi bhuiséad an Aontais;

35. á iarraidh ar AE na gealltanais a chomhlíonadh maidir le SDGanna chun infheistíocht a dhéanamh in oideachas agus oiliúint dídeanaithe agus imirceach chun a áirithiú go mbeidh siad in ann barr a gcumais a bhaint amach laistigh de phobail agus de gheilleagair na n-óstnáisiún;

36. ag tabhairt dá haire go bhfuil athruithe déanta ar ollstruchtúr airgeadais na hEorpa don fhorbairt (EFAD), mar a leagtar amach sna conclúidí ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021; á iarraidh ar an gCoimisiún cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 a chur i gcroílár an ollstruchtúir airgeadais (EFAD) nua chun go mbeidh sé níos éifeachtaí, níos éifeachtúla, níos comhordaithe agus níos cuimsithí; á chur i bhfios go láidir go bhfuil acmhainneacht ag baint le EFAD lánfheidhmiúil chun an bhearna dhomhanda maoinithe SDG a líonadh; á iarraidh go mbeadh comhar agus ailíniú níos mó ann idir an Banc Eorpach Infheistíochta, an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha, bainc náisiúnta forbartha agus gníomhaithe airgeadais beaga agus meánmhéide eile, agus béim ar leith á leagan ar thionscadail infheistíochta faoi luach EUR 5 mhilliún, chun tionchar níos mó a imirt ar na SDGanna; á iarraidh ar an gCoimisiún creat coiteann agus treoir a fhorbairt maidir le maoiniú AE a dhíonadh go hiomlán ó thaobh na hinbhuanaitheachta de, agus déanamh de réir chur chuige Fhoireann na hEorpa chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht a áirithiú i mbeartais forbartha na hEorpa; á iarraidh go mbainfear leas as cur chuige Fhoireann na hEorpa chun dlúth-chomhordú a áirithiú idir an tAontas agus na Ballstáit chun Clár Oibre 2030 a ghnóthú; á iarraidh ar AE a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le leas a bhaint as acmhainní airgeadais leordhóthanacha ó thíortha forbartha chun tacú le claochlú na SDGanna agus an géarghá atá le hoiriúnú don athrú aeráide sna tíortha is leochailí; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go saothrófar leis an EFAD nua an sprioc an Córas Iltaobhach Airgeadais Oifigiúil (MSOF) a athbhunú, chun deireadh a chur le hiasachtú neamh-inbhuanaithe roinnt tíortha nach bhfuil in MSOF;

([17]) ECFE, "Global Outlook on Financing for Sustainable Development 2021 – A New Way to Invest for People and Planet", Páras, 2020.

37. á chur i bhfáth go bhfuil práinn le huaillmhian agus gníomhaíocht a mhéadú maidir le maolú, oiriúnú agus maoiniú sna deich mbliana ríthábhachtacha seo chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí idir na Ballstáit maidir le saincheisteanna comhshaoil;

38. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé leanúint leis na hiarrachtaí chun na SDGanna a ghnóthú agus ag athdhearbhú go bhfuil an t-oideachas fós ina cheart bunúsach agus ina infheistíocht ríthábhachtach chun na SDGanna uile a bhaint amach agus á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról tábhachtach ag an Aontas trí chúnamh daonnúil agus trí chomhpháirtíochtaí níos láidre le codanna éagsúla den domhan, lena n-áirítear an Afraic;

39. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról lárnach ag an oideachas, an cultúr, an spórt, agus cláir AE faoi seach maidir leis na SDGanna a ghnóthú agus á iarraidh go neartófar an ghné idirnáisiúnta díobh agus go n-aithneofar ag an am céanna cumhacht na taidhleoireachta idir daoine;

40. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá SFI 4.1, arb é is aidhm di timthriall oideachais iomlán ardchaighdeáin bunscoile agus meánscoile 12 bhliain a chur ar fáil saor in aisce do chách; á mheabhrú nach bhfuil leibhéil reatha an chaiteachais rialtais i dtíortha íseal-ioncaim agus íseal-mheánioncaim chomh hard leis na leibhéil is gá chun na SDGanna a ghnóthú; á mheabhrú go bhfuil maoiniú seachtrach ríthábhachtach chun tacú le deiseanna oideachais na ndaoine is boichte ar domhan; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit dlús a chur leis an gcúnamh um fhorbairt chun an cuspóir maidir le rochtain uilíoch ar oideachas a bhaint amach trí thacaíocht bhuiséadach AE, rud a bhfuil a éifeachtúlacht léirithe aige i réimse an oideachais;

41. á mholadh do cheannairí an domhain nascacht agus rochtain ar bhonneagair dhigiteacha, amhail rochtain ar líonra inacmhainne ardchaighdeáin, a mheas mar cheart a dhíorthaítear ón gceart bunúsach chun oideachais;

42. á iarraidh ar an gCoimisiún comhordú agus tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit maidir le moltaí a bhaineann go sonrach le tíortha faoi leith agus malartú dea-chleachtas chun cáilíocht agus cuimsitheacht a gcóras oideachais a fheabhsú agus chun bearnaí inscne agus socheacnamaíocha a dhúnadh a mhéid a bhaineann le sealbhú scileanna bunúsacha agus glacadh na heolaíochta, na teicneolaíochta, na healaíne, na hinnealtóireachta agus na matamaitice i gcomhréir le fís an Limistéir Eorpaigh Oideachais, le haistriú glas agus aistriú digiteach AE agus le SDG 4;

43. á iarraidh ar na Ballstáit leas iomlán a bhaint as GreenComp, an creat Eorpach um inniúlachtaí inbhuanaitheachta, chun cur chuige córasach a fhorbairt i dtreo meon inbhuanaitheachta a fhorbairt do gach aois agus leibhéal oideachais, lena ndéantar ábharthacht do réaltachtaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a chomhcheangal le cur chuige comhsheasmhach laistigh den Limistéar Eorpach Oideachais; á iarraidh an athuair ar na Ballstáit an Limistéar Eorpach Oideachais a chur i gcrích faoi 2025, mar chéim idirmheánach bunriachtanach chun na spriocanna a leagtar amach faoi SDG 4 a bhaint amach;

44. ag moladh líonrú idir na hearnálacha neamhfhoirmiúla agus foirmiúla oideachais chun pobail ghairmiúla foghlama a chruthú lena dtacófar le múinteoirí agus iad ag nuáil cleachtais oideolaíocha, lena gcothófar iliomad inniúlachtaí, lena n-éascófar úinéireacht daltaí agus lena gcothófar a n-intleacht mhothúchánach agus a n-athléimneacht i leith eagla agus neamhchinnteachtaí; ag tarraingt aird ar an taithí atá ag cumainn chultúir agus spóirt an phobail i ndáil leis sin;

45. ag áitiú go ndéanfadh na húdaráis oideachais infheistíocht i bhfeabhsú cháilíocht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna le bonneagar úrscothach, próisis digitithe agus naisc chuig an triantán eolais, lena ndéanfaí an earnáil a ailíniú le spriocanna inbhuanaitheachta comhshaoil agus sóisialta agus lena gcuirfí ar a cumas bealaí eile d'fhorbairt scileanna a chur ar fáil lena rannchuideofaí le cur chun feidhme na SDGanna;

46. á mheabhrú go bhfuil ról ríthábhachtach ag an oideachas luath-óige maidir le dearcthaí agus luachanna a chothú i leanaí óga, ar dearcthaí agus luachanna iad lena gcuidítear le meonta inbhuanaitheachta a fhorbairt agus lena dteaghlaigh a spreagadh chun bealaí a mheas inar féidir leo cur leis an inbhuanaitheacht, mar dhaoine aonair agus mar chomhphobal araon;

47. ag spreagadh na fiontraíochta i measc na hóige mar shásra chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach laistigh de AE agus lasmuigh de le huirlisí Eorpacha amhail Erasmus le haghaidh Fiontraithe Óga agus an clár oideachais agus múscailte feasachta maidir le forbairt, i bhfianaise na hacmhainneachta chun rátaí fostaíochta a fheabhsú, slite beatha cuibhiúla a chinntiú do ghrúpaí leochaileacha agus réitigh nuálacha a fhorbairt;

48. á chur in iúl gurb oth léi nár chomhlíon AE trí cinn de na ceithre sprioc de SDG 14 (saol faoi uisce) do 2020; á chur in iúl gurb oth léi, ina theannta sin, gur chinn Cúirt Iniúchóirí na hEorpa in 2020, cé go raibh creat i bhfeidhm chun an comhshaol muirí a chosaint, nár athbhunaíodh stádas maith comhshaoil na bhfarraigí, ná leibhéil inbhuanaithe na hiascaireachta sna farraigí uile, le gníomhaíochtaí AE; á iarraidh ar an gCoimisiún torthaí agus moltaí na tuarascála sin a chur chun feidhme ina phlean gníomhaíochta atá ar na bacáin chun acmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint, chomh maith i ngníomhaíochtaí atá ar na bacáin faoin straitéis bhithéagsúlachta;

49. á mheabhrú go bhfuil na géarchéimeanna aeráide agus bithéagsúlachta fite fuaite ina chéile agus gur gá aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach comhleanúnach agus le chéile; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil géarghá le spriocanna athchóirithe dúlra atá ceangailteach ó thaobh dlí chun aghaidh a thabhairt ar an meath ollmhór atá tagtha ar bhithéagsúlacht in AE agus chun SDGanna 14 agus 15 a bhaint amach chun cabhrú leis an ngéarchéim aeráide a mhaolú agus chun athléimneacht a chothú; á chur in iúl gurb oth léi, ina leith sin, gur cuireadh moill ar an togra le haghaidh dlí AE maidir le hathchóiriú dúlra agus á iarraidh go bhfoilseofar go pras é;

50. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá SDG 17 (comhpháirtíochtaí le haghaidh na spriocanna); ag tabhairt dá haire, faoi chuimsiú na gcomhpháirtíochtaí domhanda agus an fhothaithe acmhainneachta, go bhfuil ról nuálach ag tionscnaimh foinse oscailte, amhail tionscnamh na Spriocanna Forbartha Inmheánacha, arb é is aidhm dóibh oideachas a chur ar dhaoine, daoine a spreagadh agus daoine a chumhachtú le bheith ina bhfórsa dearfach don athrú sa tsochaí, agus ar an gcaoi sin dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo na SDGanna a bhaint amach;

***Comhoibriú Iltaobhach***

51. ag áitiú go mbeidh gá le rannpháirtíocht pholaitiúil dhomhanda athnuaite agus comhar iltaobhach treisithe chun go ndéanfaidh AE agus a chomhpháirtithe dul chun cinn fónta sna hocht mbliana amach romhainn; á iarraidh go dtabharfaí gealltanais lena ndíreofaí ar ghníomhaíocht i dtreo na SDGanna a bhaint amach faoi Chruinniú Mullaigh SDG 2023, lena léireofar lárphointe thréimhse cur chun feidhme Chlár Oibre 2030; á mheabhrú, mar an tionscadal comhtháthaithe is rathúla ar domhan, a bhfuil cuntas teiste aige go bhfuil an t-iltaobhachas á chur chun cinn go rathúil aige, agus mar bhunaitheoir domhanda caighdeán, go bhfuil sé ar chumas AE dlús a chur leis an dul chun cinn maidir le SDG 17 (comhpháirtíochtaí do na spriocanna); á iarraidh, dá bhrí sin, ar AE ról ceannaireachta a ghlacadh ag HLPF 2022 agus ag Cruinniú Mullaigh SDG 2023 chun an t-athshocrú polaitiúil sin a shainiú; ag moladh go mbeadh Uachtarán an Choimisiúin rannpháirteach go gníomhach i ngach HLPF;

52. á chur in iúl gur cúis mhór imní di go ndéanfaidh cailliúint na bithéagsúlachta agus na seirbhísí éiceachórais an bonn a bhaint den dul chun cinn i dtuairim is 80 % de na spriocanna measúnaithe le haghaidh na SDGanna; á mheabhrú go bhfuil athchóiriú éiceolaíoch ríthábhachtach chun an cur chuige “Aon Sláinte Amháin” a chur chun feidhme; á iarraidh ar AE aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna chailliúint na bithéagsúlachta agus oibleagáidí maidir le caomhnú, athchóiriú agus úsáid inbhuanaithe acmhainní a phríomhshruthú isteach i mbeartais forbartha níos leithne;

53. á chur i bhfios go láidir go bhfuil forbairt tagtha ar an dlí idirnáisiúnta chun glacadh le coincheapa nua amhail “oidhreacht chomhchoiteann an chine dhaonna”, “forbairt inbhuanaithe” agus “na glúnta atá le teacht”, ach á chur i bhfáth nach bhfuil buansásra idirnáisiúnta ann chun faireachán a dhéanamh ar dhamáiste agus scrios don chomhshaol, ná chun aghaidh a thabhairt orthu, a athraíonn na hacmhainní uilechoiteanna domhanda nó na seirbhísí éiceachórais;

54. ag leagan béim ar na dúshláin is mó atá os comhair na hEorpa maidir le SDGanna i réimsí na gcóras inbhuanaithe bia, an fhuinnimh inacmhainne agus ghlain, na talmhaíochta, na haeráide agus na bithéagsúlachta (SDGanna 2, 12, 13, 14 agus 15); á iarraidh ar an gCoimisiún anailís chomparáideach láidir a fhorbairt ar SDG 6 (uisce glan agus sláintíocht) agus ar SDG 14 (saol faoi uisce), go háirithe i bhfianaise Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis na hAigéin i Liospóin i mí an Mheitheamh 2022 agus HLPF i mí Iúil 2022, mar nach féidir treochtaí a ríomh mar gheall ar shonraí inchomparáide neamhleora le cúig bliana anuas; á iarraidh ar an gCoimisiún béim a leagan ar an ngá atá le táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe, go háirithe maidir leis an tuiscint atá ag tomhaltóirí ar an tionchar atá ag a n-iompar tomhaltais ar na SDGanna; á chur i bhfáth gur féidir le comhroinnt dea-chleachtais le tíortha comhpháirtíochta eolas suntasach a chur ar fáil do AE agus dá Bhallstáit maidir le tionscnaimh agus gníomhaíochtaí aonair is féidir a dhéanamh chun spriocanna “Oiriúnach do 55” a bhaint amach, agus gur féidir le AE a thaithí agus a dhea-chleachtais a chomhroinnt le tíortha comhpháirtíochta freisin; ag creidiúint, mar gheall ar ionradh na Rúise ar an Úcráin agus an tionchar atá aici ar, *inter alia*, earnáil an bhia, go bhféadfaí ní hamháin moill a chur ar dhul chun cinn maidir le roinnt de na SDGanna, go háirithe SDGanna 1, 2 agus 10, ach go bhféadfaí iad a aisiompú, laistigh de AE agus ar fud an domhain araon; á chur in iúl gur cúis imní di go háirithe go bhfuil méadú ag teacht ar phraghsanna bia, an tionchar atá acu ar na tíortha is lú forbairt agus, mar thoradh air sin, an méadú ar an mbochtaineacht, ar neamhshlándáil an tsoláthair bia, ar an míchothú agus ar an ocras;

55. á mheabhrú go gcuirfidh an t-athrú aeráide brú de réir a chéile ar tháirgeadh bia agus ar rochtain ar bhia, go háirithe i réigiúin leochaileacha, rud a bhainfidh an bonn de shlándáil an tsoláthair bia agus den chothú; ag cur sonrú sna conclúidí ó thuarascáil 2022 IPCC, ar dá réir a lagófar sláinte ithreach agus seirbhísí éiceachórais de réir a chéile leis an téamh domhanda, rud a bhainfidh an bonn de tháirgiúlacht bia in a lán réigiún ar talamh agus sna haigéin; ag tathant ar AE agus a Bhallstáit fanacht go hiomlán tiomanta dá rannpháirtíocht agus dá n-oibleagáidí idirnáisiúnta maidir leis an aeráid agus leis an mbithéagsúlacht agus maidir leis an gComhaontú Glas, lena n-áirítear an straitéis bhithéagsúlachta agus an straitéis "ón bhfeirm go dtí an forc", go háirithe i gcomhthéacs inar léiríodh le géarchéim na paindéime agus leis an gcogadh san Úcráin cé chomh leochaileach is atá tíortha i mbéal forbartha maidir le míshocracht i margadh domhanda an bhia;

56. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme chun éifeachtaí iarmhartacha dearfacha a bhaint amach, go háirithe sa Domhan Theas, agus dul i mbun fáinne ór i gcomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an ghné sheachtrach, ós rud é gurb ionann AE agus 19 % d'fheidhmíocht eacnamaíoch dhomhanda agus 5,6 % de dhaonra an domhain, agus sin amháin, agus go bhfuil laghdú ag teacht ar an dá sciar sin; á chur i bhfios gurb é SDG 10 an luamhán straitéiseach a thabharfaidh cumhacht dár gcomhpháirtithe iad féin a chur ar bhealach na forbartha inbhuanaithe;

57. á chur i bhfáth go gceanglófar ar 85 % ar a laghad den ghníomhaíocht sheachtrach nua ar fad a chuirtear chun feidhme tríd an Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda inscne a ionchorprú mar chuspóir suntasach nó mar phríomhchuspóir, mar a shainítear le marcóir beartais um chomhionannas inscne Choiste Cúnaimh Forbartha ECFE, agus gur cheart go mbeadh comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní mar phríomhchuspóir ag 5 % ar a laghad de na gníomhaíochtaí sin; á athdhearbhú gur cheart don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus do na Ballstáit sláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus na cearta a bhaineann leo a mheas mar thosaíocht i bpróiseas clársceidealaithe AE, lena n-áirítear sa chlársceidealú comhpháirteach; ag áitiú go gcuirfí chun feidhme go pras agus go hiomlán an ceanglas atá i gclár gníomhaíochta comhshaoil AE go dtí 2030 go ndéanfaí inscne a phríomhshruthú sna beartais aeráide agus chomhshaoil, lena n-áirítear trí ghné na hinscne a ionchorprú ag gach céim den phróiseas ceaptha beartais;

58. á iarraidh ar an gCoimisiún, ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus ar na Ballstáit, de réir mar is iomchuí, na torthaí ábhartha a baineadh amach maidir le cur chun feidhme na gcúig SDG tosaíochta a thíolacadh ag HLPF 2022 a bheidh ann go luath, eadhon SDGanna 4 (oideachas ardchaighdeáin), 5 (comhionannas inscne), 14 (saol faoi uisce), 15 (beathra ar talamh), agus 17 (comhpháirtíochtaí le haghaidh na spriocanna); á chur i bhfáth a thábhachtaí atá rannpháirtíocht ghníomhach na Parlaiminte in HLPF agus gur cheart go mbeadh sé mar chuid lárnach de thoscaireacht AE; á chur in iúl, dá bhrí sin, go bhfuil sí ag dréim leis go mbeidh cead ag Feisirí na Parlaiminte freastal ar chruinnithe comhordaithe AE agus go ráthófar rochtain ar dhoiciméid dóibh le linn an chruinnithe mullaigh;

o

o o

59. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta agus chuig na Náisiúin Aontaithe.